



POLASÁÍ IONTRÁLA

IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN

2021/22

IAR-BHUNSCOIL COLÁISTE NAOMH EOIN
Inis Meáin, Oileain Árann, Co na Gaillimhe



etbi
Education & Training
Boards Ireland
*Boird Oideachais &
Oiliúna Éireann*

POLASAÍ IONTRÁLA MAIDIR LEIS AN SCOILBHLIAIN 2021/2022

Iar-bhunscoil Coláiste Naomh Eoin

Bunófar iarratas ar chead iontrála ar chur i bhfeidhm an Pholasaí seo, ar an eolas atá leagtha amach i bhFógra Iontrála bliantúil na scoile agus ar an eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil ina iarratas iontrála, nuair a bheidh sé faighte roimh an dáta deiridh a n-glacfar le hiarratais mar atá leagtha amach sa bhFógra Iontrála. Is é/í Príomhoide Choláiste Naomh Eoin atá freagrach as an bPolasaí Iontrála seo a chur i bhfeidhm.

MAIDIR LE COLÁISTE NAOMH EOIN

Is in 2001 a bunaíodh Coláiste Naomh Eoin

NASC CHUIG AN RÁITEAS MISIN

Tá Coláiste Naomh Eoin faoi iontaobhas an BOOGR. Is scoil ionchuimsitheach í maidir le hiontógáil agus maidir leis an gcuraclam a chuir ar fáil. Tá sé mar aidhm againn an caighdeán oideachais is airde a chur ar fáil dár ndaltaí.

Déanaimid ár ndícheall ár misean a chomhlíonadh i gcomhpháirt le tuismitheoirí/caomhnóirí, an fhoireann, daltaí, iontaobhaithe agus pobal na háite.

RÁITEAS MISIN

Scoil Oileán í Coláiste Naomh Eoin a dhéanann freastal ar riachtanais oideachais iomlánach an scoláire ag déanamh cúram do chuimsiú an dalta chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun iad a ullmhú chun a bheith ina saoránaigh gníomhach Domhanda.

Déanann an scoil freastal ar fhorbairt pearsanta an dalta, ag déanamh cúram d'fholláine, de féin mhuintín agus do chumas cumarsáide chun go mbeidh na scoláirí réitigh chun saol a mbeidh siad bródúil as a chaitheamh agus go mbeidh dúil sa bhfoghlaím fad saoil acu.

Tarlaíonn sealbhú, saibhriú agus sóisialú inár dteanga dhúchais, an Ghaeilge, agus inár n-oidhreacht Ghaelach, go laethúil.

Atmaisféar cairdiúil, spreagúil a chur ar fáil sa scoil

Ról agus Feidhm an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) le deiseanna oideachais agus rath foghlaimeoirí uile a fheabhsú, agus aithníonn an Bord gur féidir le taithí dearfach oideachais tionchar a imirt orthu chun iad a chumasú tuilleadh agus a bhunathrú chun feabhais. Tá Bord de 21 chomhalta ann, ar a bhfuil cúram maoirseachta na seirbhíse a chuireann isteach is amach le 2,000 ball foirne ar fáil do bhreis is 22,000 foghlaimeoir, le buiséad bliantúil de 100 milliún euro beagnach.



Stair na Scoile

Scoil óg bhríomhar í Coláiste Naomh Eoin atá ag tairiscint malairt taithí oideachasúil d'oileánaigh agus do scoláirí ón mórthír de bharr a suíomh agus a cúlra ar leith. Déanann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scoláireachtaí lóistín ar feadh bliana a mhaoiniú do scoláirí ón tírmhór chun freastal ar an scoil. Bunaíodh Coláiste Naomh Eoin ar bhun píolóiteach i 2001, ar Inis Meáin.

Glacadh isteach Coláiste Naomh Eoin faoi scáth máthar scoil ar an mórthír, sin Coláiste Cholmcille Indreabhán a tháinig faoi chúram Choiste GairmOideachais Co na Gaillimhe, a fheidhmíonn mar Bbord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Roscommáin anois. Thug Roinn na Gaeltachta isteach scéim scoláireachtaí do scoláirí ón mórthír chun freastal ar mheánscoileanna na n-oileáin Ghaeltachta agus leis sin bhí naonúr scoláirí sa scoil. Ó 2002-2007 bhí curaclaim suas chuig an Teastas Sóisearach ar bun sa scoil. Bhíodh gasúir agus múinteoirí ag taisteal idir an Oileán agus an mórthír go laethúil rud a d'fhág go leor deacrachtaí ó thaobh cinnteacht curaclaim, bíodh múinteoirí ag cailleadh go leor ama ranga de bharr dhroch aimsir agus scoláirí ag cailleadh laethanta scoile sáinnithe ar thaobh amháin nó taobh eile.

Tháinig plean fadtéarmach don scoil i 2007 agus tugadh isteach cúrsa na hArdteiste. Fostaíodh múinteoirí a bhí sásta a bheith lonnaithe ar an Oileán go lán-aimseartha agus

gearradh amach an taisteal chuig Coláiste Cholm Cille Indreabhán. Fostaíodh Mairéad Ní Fhátharta mar mhúinteoir i bhfeighil agus tugadh uasghradú ar an stádas poist seo go dtí Príomhoide Cúnta di i 2014 agus i mí Meán Fómhar 2018 bhronn an Taoiseach Leo Varadkar stadas neamhspleách ar Choláiste Naomh Eoin, gníomh a chiallaíonn go bhfuil a huimhir rolla féin ag an scoil chomh maith le structúr bainistíochta.

Is uasmhéid de 40 dalta a bhíonn i gColáiste Naomh Eoin de ghnáth ach ó am go h-am bíonn orainn áiteanna breise a thairiscint do dhaltáí a bhogann chuig an gceantar más féidir freastal orthu. Cuirtear réimse leathan ábhair agus clár leathan eis churaiclum ar fáil.

Cuirtear an-bhéim ar chúrsaí cultúrtha ar chúrsaí teanga, ar STEAM agus ar an dtimpeallacht i gColáiste Naomh Eoin. Bhuaigh Coláiste Naomh Eoin Solar Schools 2019 . Is iad Coláiste Naomh Eoin STEMBassadóirí náisiúnta 2020 agus tá pas Domhanda bainte amach ag an Coláiste Naomh Eoin as solathar Oideachas Saoránach Domhanda.

Is í Coláiste Naomh Eoin cuisle an phobail agus ról lárnach ag an scoil i ngradam Pride of Place 2018 a bhaint amach do phobal Inis Meáin.

CLÁR NA nÁBHAR

CUID A – Eolas Ginearálta do gach Iarratasóir

1. Gluais na dtéarmaí
2. Ráiteas Iontrála
3. Creat Dlí
4. Coinníollacha Ginearálta Iontrála

CUID B - Eolas do Chatagóirí ar leith d'Iarratasóirí

5. Iarratas a dhéanamh ar Ghrúpa na Chéad Bhliana
6. Iarratas a dhéanamh ar na Bliainghrúpaí Eile go Léir Seachas an Chéad Bhliain
7. Iarratas a dhéanamh ar Rang(anna) Speisialta

CUID A

Eolas Ginearálta do Gach Iarratasóir

- 1. Gluais na dtéarmaí**
- 2. Ráiteas Iontrála**
- 3. Creat Dlí**
- 4. Coinníollacha Ginearálta Iontrála (do gach Iarratasóir)**

1 GLUAIS NA DTÉARMAÍ

Is éard is brí le h'**Iarratasóir**' ná tuismitheoir/caomhnóir Dalta, nó, i gcás Dalta a bhfuil 18 bliana sroichte aige/aici, an Dalta féin, a bhfuil iarratas iontrála déanta aige ar Choláiste Naomh Eoin.

Is éard is brí le '**Dalta**' an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann. Tugtar le fios gur dalta 'ionchasach' atá i gceist leis an bhfocal sin agus an focal sin in úsáid síos tríd an Polasaí seo mar chuid den léirmhíniú. Is é sin, ní hionann go bhfuiltear ag úsáid an fhocail 'Dalta' agus go bhfuil glactha lena iarratas/hiarratas ionas go mbíonn glactha leis/léi ina D(h)alta i gColáiste Naomh Eoin de bhua iarratais amháin.

'**Inscne**', i gcomhréir leis an sainmhíniú maidir leis "*an bhforas inscne*" san Acht um Stádas Comhionann 2000 "*gur fear é duine acu agus gur bean í an duine eile*", Ní dhéanann seo dochar d'aon Dalta atá idirghnéasach nó a aithníonn iad féin a bheith Andraigíneach/Andraigin, Dé-inscneach, Leathinscneach, Solúbtha ó thaobh Inscne de, Aiteach ó thaobh Inscne de, Ilinscneach, Neutrois, Neamh-Dhénártha, Trasinscne, Trasghnéasach nó eile

Tagraíonn '**Ceantar na Scoile**' don cheantar cónaithe ainmnithe chun iarratas a dhéanamh ar Choláiste Naomh Eoin maidir leis an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann. Déantar ceantar na scoile maidir le Coláiste Naomh Eoin a shainmhíniú mar: Inis Meáin, Oileáin Árann agus ansin osclaítear na háiteanna sa scoil do Scoláirí a thagann ar lóistín ó fud fad na tíre

Tá an bhrí chéanna le 'Tuismitheoir' is atá san Acht Oideachais 1998 agus áirítear leis sin tuismitheoir altrama agus caomhnóir arna gceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí 1964 go 1997.

Tagraíonn '**Bunscoileanna Friothálacha**' do na bunscoileanna is rogha chun iarratas a dhéanamh ar Choláiste Naomh Eoin. Is iad na bunscoileanna Friothálacha maidir le Coláiste Naomh Eoin ná:

- 1.1. Scoil Náisiúnta Inis Meáin

Is éard is brí leis an '**gCéad Bhliain**' an grúpa Daltaí a nglactar leo don rang nó an bhliain is sóisearaí sa scoil.

2 RÁITEAS IONTRÁLA

Sainmhíniú ar 'Scoil Il-Sainchreidmheach' i gcomhthéacs BOO

Is scoileanna stáit, comhoideachais, il-sainchreidmheacha iad scoileanna BOO a bhfuil na croíluachanna seo a leanas mar bhonn agus mar thaca acu:



- Barr Feabhais san Oideachas;
- Cúram;
- Comhionannas:
- Pobal agus
- Meas.

Is mar seo a leanas a dhéanann earnáil na mBOOanna, mar sholáthróir oideachais an stáit, scoil 'il-sainchreidmheach' a shainmhíniú:

Tugtar an deis chéanna do gach dalta rollú i scoileanna BOO i gcomhréir leis an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018. Nuair atá daltaí ar an rolla, féachtar inár gcuid scoileanna leis na deiseanna céanna a chur ar fáil do gach dalta a bheith rannpháirteach sa churaclam agus i saol na scoile. Caitear go cothrom le gach duine de phobal na scoile i ngach gné de shaol na scoile gan beann ar chine, inscne, reiligiún/creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ar duine den Lucht Siúil iad, claonadh gnéis, cumas nó stádas socheacnamaíoch.

Cuirtear timpeallacht shlán fhisiciúil agus shóisialta ar fáil inár gcuid scoileanna a chothaíonn ceangal láidir i measc phobal na scoile agus an pobal i gcoitinne. Féachann gach scoil cur ar chumas gach dalta barr a gcumais a bhaint amach gan beann ar fhéiniúlacht nó cúlra. Cuirtear oideachas lán-ionchuimsithe chun cinn inár gcuid scoileanna ina n-aithnítear an iliomad féiniúlachtaí, creideamh agus luachanna daltaí, tuismitheoirí agus bhaill den fhoireann. Ullmhaímid saoránaigh atá

leathanaigeanta, a bhfuil tuiscint acu ar chultúir, atá freagrach agus a bhfuil meas acu ar chomhluachanna.

Caitear mar a chéile le daltaí de gach reiligiún agus creideamh i scoileanna BOO. Ní thugtar buntáiste d'aon ghrúpa ar leith seachas grúpa eile i dtimpeallacht ná i ngníomhaíochtaí scoile agus tugtar aitheantas ag an am céanna do dhaltaí de gach reiligiún agus creideamh agus éascaítear iad.

Dá réir sin, ní dhéanfaidh Coláiste Naomh Eoin aon leithcheal maidir le Dalta a ligean isteach bunaithe ar na forais a leanas:

- 2.1. Inscne an Dalta nó an Iarratasóra. Sa chás nach nglacann scoil ach le hinscne amháin áfach, ní leithcheal é mura nglacann an scoil sin le Daltaí nach mbaineann leis an inscne sin;
- 2.2. Stádas sibhialta an Dalta nó Iarratasóra.
- 2.3. Stádas teaghlaigh an Dalta nó Iarratasóra.
- 2.4. Claonadh gnéis an Dalta nó Iarratasóra.
- 2.5. Reiligiún an Dalta nó Iarratasóra.
- 2.6. Míchumas an Dalta nó Iarratasóra.
- 2.7. Cine an Dalta nó Iarratasóra.
- 2.8. Gur duine den Lucht Siúil an Dalta nó an tIarratasóir.
- 2.9. Riachtanais oideachais speisialta an Dalta nó Iarratasóra.

Ní ghearrfaidh Coláiste Naomh Eoin táillí ná íocaíochtaí ná ní beidh an scoil ag lorg ranníocaíochtaí mar choinníoll iontrála ná i ndáil le rollú leanúnach an Dalta.

3 CREAT DLÍ

Bunaíodh BOOGR faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 ina leagtar amach feidhmeanna gach BOO, lena n-áirítear scoileanna aitheanta, ionaid oideachais, agus saoráidí oideachais agus oiliúna a bhunú agus a choinneáil i limistéar feidhme gach BOO.

Coiste a bunaíodh faoi alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 é bord bainistíochta Choláiste Naomh Eoin agus is ionann sin chomh maith agus bord bainistíochta de réir bhrí an Achta Oideachais 1998.

Leagann an tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018 agus an tAcht Oideachais (Leas) 2000 dualgas ar scoileanna Polasaí Iontrála a ullmhú agus a fhoilsiú.

Déantar foráil san Acht Oideachais 1998 do phróiseas achomhairc sa chás go ndiúltaítear le rollú. Leagtar amach an próiseas achomhairc in alt 5.3 maidir le hiarratais a dhéantar ar Ghrúpa na Céad Bhliana agus in alt 6.3 maidir le hiarratais a dhéantar ar gach bliain seachas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana.

Éilítear in Alt 62(7)(n) den Acht Oideachais 1998 ar gach scoil na socruithe atá i bhfeidhm sa chás go ndéanann tuismitheoir, nó dalta atá os cionn 18 bliana d'aois, iarratas gan a bheith páirteach i dtreoir reiligiúnach a leagan amach i bPolasaí Iontrála na scoile.

XX school offers *religious education* in all year groups as it promotes the holistic development of students and can contribute positively to their wellbeing in line with the principles of the Junior Cycle and Senior Cycle Frameworks. It facilitates the intellectual, social, emotional, spiritual, values and moral development of students and encourages respect for all members of our school communities. In addition, *religious education* supports the 'multi-denominational' aspect of our school's ethos as it provides opportunities for students to engage with questions around their own religious or non-religious beliefs and those of their peers.

If considering opting out of '*religious instruction*', it is important to understand that our school does not provide '*religious instruction*' and therefore the need to opt-out does not arise in this school.

It is important to understand the distinction between '*religious instruction*' and *religious education*':

- *Religious instruction* is a term used in Ireland to indicate instruction in accordance with the rites, practices and teachings of a particular religion or denomination for pupils of that religious tradition. Religious Instruction may be provided in a denominational school setting.
- *Religious education* is open to all pupils regardless of their commitment to any particular religion or worldview. It seeks to contribute to the spiritual and moral development of all students equally.

As ETB schools are 'multi-denominational', XXX school supports the provision of *religious education* that caters for all students regardless of their religious or non-religious beliefs and therefore does not provide *religious instruction* in one particular religion or belief.

However, as per Section 30(2)(e) of the Education Act (1998), XXXX school recognises the right of parents, or students over the age of 18, attending publicly-funded schools to withdraw from any subject contrary to their conscience, including *religious education*.

Parents or students over the age of 18 who wish to opt-out of *religious education* must make a written submission to the principal in the first instance. The submission should outline reasons why the opt-out is being requested. The principal will then arrange to meet with the parent(s) or student over the age of 18 to discuss the request. If after that meeting the parent or student over the age of 18 still wishes to opt out of *religious education*, the school will facilitate this in the following way:

Please insert how requests for opt-outs of religious education will be facilitated in your school. Please note as per Section 62(7)(n) of the Education (Admissions to Schools) Act 2018, the school day cannot be shortened for the student as a result of a request for opting out of religious education.

-

4 COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA IONTRÁLA

Bunófar cinneadh ar iarratas ar iontráil:

- ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo,
- ar Fhógra Iontrála bliantúil na scoile, agus
- ar an eolas a chuireann an t-iarratasóir ar fáil san iarratas ar iontráil.

Más amhlaidh, roimh thosach feidhme alt 62 den Acht Oideachais 1998 leis an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 an 1 Feabhra 2020, gur dheimhnigh gColáiste Naomh Eoin i scríbhinn, gur cuireadh Iarratasóir ar liosta maidir le leithdháileadh áiteanna scoile le haghaidh iontrála roimh an 1 Feabhra 2025, ansin beidh an deimhniú seo fós bailí agus tairgfear an áit sin don Iarratasóir.

Agus iarratas á phróiseáil, **ní chuirfidh** Coláiste Naomh Eoin **na nithe seo a leanas san áireamh**:

- 4.1 Íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí leis an scoil;
- 4.2 Cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht an Dalta; ach amháin más rud é:
 - go soláthraíonn an tIarratasóir fianaise ar an méid sin mar fhianaise ar leibhéal líofachta an Dalta sa Ghaeilge agus go bhfuil ró-iarratas ar an scoil;
- 4.3 Slí bheatha, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht Tuismitheoir(í) Dalta;
- 4.4 Riachtanas go bhfreastalódh Dalta nó a T(h)uismitheoir(í) ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
- 4.5 An nasc atá ag Dalta leis an scoil toisc ball teaghlaigh a bheith aige/aici atá ag freastal nó a d'fhreastail roimhe sin ar an
- 4.6 An dáta agus an t-am a fuair an scoil iarratas iontrála fad is a fhaightear é le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil a leagtar amach san Fhógra Iontrála don bhliain acadúil sin.

Déanfaidh Coláiste Naomh Eoin tairiscint ar áit **a bhreithniú** maidir le gach Dalta atá ag lorg iontrála sa scoil, **ach amháin i gcás [ceann de] na cásanna seo a leanas:**

4.7 Cliseann ar an Tuismitheoir a dheimhniú i scríbhinn go nglacann sé/sí le Cód Iompair na nDaltaí agus go ndéanfaidh sé/sí gach iarracht réasúnta lena chinntiú go gcloífidh an Dalta leis an gcód sin

Sa chás go gcuireann Coláiste Naomh Eoin iarratas san áireamh, gheobhaidh gach Dalta áit, ach amháin sa chás go bhfuil ró-iarratas ar an scoil, agus sa chás sin, cuirfear critéir roghnúcháin i bhfeidhm ar gach iarratas.

Déantar plé in Alt 5 den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ceisteanna eile maidir leis na coinníollacha iontrála do Ghrúpa na Chéad Bhliana.

Déantar plé in Alt 6 den Pholasaí seo ar na critéir roghnúcháin agus ceisteanna eile maidir leis na coinníollacha iontrála do na bliainghrúpaí uile seachas an Chéad Bhliain.

Déantar plé in Alt 7 ar na critéir roghnúcháin agus ceisteanna eile maidir leis na coinníollacha iontrála don Rang Speisialta **/do na Ranganna Speisialta.**

he board of management has a duty of care to ensure as far as practicable the health and safety of the students and staff of the school. In addition, the board of management is required under section 15(1) of the Education Act 1998 to provide, or cause to be provided, an appropriate education for each student at the school for which that board has responsibility.

An application for admission may be refused, therefore, where the admission of the applicant would pose a significant risk to the health and safety of the applicant or students and staff of the school, or risk significantly interfering with the right of other students to an appropriate education

CUID B

Eolas do Chatagóirí Iarratasóirí ar Leith

- 5. Iarratas ar Ghrúpa na Chéad Bhliana**
- 6. Iarratas ar na Bliainghrúpaí uile seachas an Chéad Bhliain**
- 7. Iarratas ar an Rang/**na Ranganna** Speisialta**

ALT 5

IARRATAS AR GHRÚPA NA CHÉAD BHLIANA

5 IARRATAS AR GHRÚPA NA CHÉAD BHLIANA

5.1 Coinníollacha Iontrála (Grúpa na Chéad Bhliana)

- 5.1.1. Ró-iarratas
- 5.1.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 5.1.3. Próiseas roghnúcháin
- 5.1.4. Iarratais dhéanacha
- 5.1.5. Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta
- 5.1.6. Glacadh le háit
- 5.1.7. Diúltú
- 5.1.8. Tairiscint a tharraingt siar
- 5.1.9. Achomhairc

5.2 Coinníollacha Iontrála don Aonad Lán-Ghaeilge (Grúpa na Chéad Bhliana)

- 5.2.1. Ró-iarratas
- 5.2.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 5.2.3. Próiseas roghnúcháin
- 5.2.4. Iarratais dhéanacha
- 5.2.5. Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta
- 5.2.6. Glacadh le háit
- 5.2.7. Diúltú
- 5.2.8. Tairiscint a tharraingt siar
- 5.2.9. Achomhairc

5.3 Achomhairc

- 5.3.1. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas
- 5.3.2. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas
- 5.3.3. Bonn achomhairc

5.1 COINNÍOLLACHA IONTRÁLA (GRÚPA NA CHÉAD BHLIANA)

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Naomh Eoin, tairgfear áit sa scoil do gach Dalta, faoi réir ailt 4.7,

Ba chóir do Dhalta atá ag cur isteach ar Ghrúpa na Chéad Bhliana ach atá ag lorg iontrála sa Rang Speisialta féachaint ar alt 7 den Pholasáí Iontrála seo.

5.1.1 Ró-iarratas

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnúcháin atá foilsithe mar a leagtar amach in alt 5.1.2 iad thíos agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Naomh Eoin in ann áiteanna breise sa scoil a thairiscint, a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus le linn na bliana acadúla sin, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh.

Chun nach mbeidh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa scoil do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa bhliainghrúpa céanna an chéad bhliain acadúil eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar na bliainghrúpaí eile uile seachas an Chéad Bhliain.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar an scoil, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear san Fhógra Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Dalta á ligean isteach sa scoil.

5.1.2 Critéir roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Naomh Eoin na critéir seo a leanas i bhfeidhm do Ghrúpa na Chéad Bhliana:

- 5.1.2.1 Má tá cónaí ar an Dalta i gCeantar na Scoile;
- 5.1.2.2 Má tá siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil faoi láthair;
- 5.1.2.3 Más rud é gur fhreastail an Dalta ar bhunscoil fhriothálach A;
- 5.1.2.4 Má bhí siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil roimhe seo;

Tabhair faoi deara: Féach alt 5.2.2 do na critéir roghnúcháin a bhaineann le hiontráil san Aonad Lán-Ghaeilge.

Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Naomh Eoin an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas: Déantar iarratais a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa scoil, déantar na hIarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit do na hIarratasóirí a shásaíonn an critéar seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó ná sin cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Naomh Eoin crannchur randamach ar bun chun aon áiteanna atá ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

5.1.3 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste Naomh Eoin i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh an scoil agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar Choláiste Naomh Eoin agus go bhfaigheann sí iarratas déanach ar iontráil, gheobhaidh an t-iarratas sin áit ar an liosta feithimh i ndiaidh na nIarratasóirí a bhfuair an scoil a n-iarratais roimh an dáta deiridh d'iarratais. Cuirfear iarratais dhéanacha dá leithéid sin ar an liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair an scoil iad agus ina dhiaidh sin, cuirfear critéir roghnúcháin na scoile i bhfeidhm de réir an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Coláiste Naomh Eoin agus go bhfaigheann sí iarratas déanach, tairgfear áit sa scoil don Dalta atá ag lorg iontrála, faoi réir ailt 4.7 agus baineann an próiseas céanna le hIarratasóirí a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh, *i.e.* eiseofar Foirm Ghlaictha chuig an Iarratasóir agus beidh sí le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta ar eisíodh í.

5.1.4 Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit i gColáiste Naomh Eoin ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir choinníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh go dtí an tríú babhta agus an ceathrú babhta *etc.* go dtí go líontar gach áit sa scoil.

5.1.5 Glacadh le háit

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghhlactha chuig an Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghhlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghhlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

5.1.6 Diúltú

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

- 5.1.7.1. Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Naomh Eoin don Dalta;
- 5.1.7.2. Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mbliainghrúpa ar a bhfuil an tIarratasóir ag déanamh iarratais;
- 5.1.7.3. Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus

- 5.1.7.4. Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach i 4.7, iad, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás:

- 5.1.7.5. Go bhfuil an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

5.1.7 Tairiscint a tharraingt siar

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- 5.1.8.1. Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó
- 5.1.8.2. Teipeann ar an Iarratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó
- 5.1.8.3. Níor chuir an Iarratasóir in iúl:
- (i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(anna); agus
 - (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit ar an liosta iontrála nó ar an liosta feithimh don bhliain acadúil sin agus glacfar le haon iarratais eile a dhéantar ar son an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna mar iarratais dhéanacha de réir alt 5.1.4 thuas.

5.1.8 Achomhairc

Féach alt 5.3 chun teacht ar eolas maidir leis an gceart atá ag Iarratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh Choláiste Naomh Eoin maidir le hiontráil i nGrúpa na Chéad Bhliana.

5.2. ACHOMHAIRC

5.3.1. **Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas**

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a (h)achomharc a chur isteach i scríbhinn, ach Foirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile agus ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanadh bord bainistíochta Choláiste Naomh Eoin ag Inis Meáin, Oileáin Árann, Co na Gaillimhe nó ephost eolas.eoin@gretb.ie athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de 14 lá féilire ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

Mura mbíonn Iarratasóir sásta le cinneadh an bhoird bainistíochta, nó mura mbíonn an bord bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998.

5.3.2. **Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas**

Féadfaidh Iarratasóir ar diúltaíodh iontráil i dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a (h)achomharc a chur i scríbhinn, trí Fhoirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile nó ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanadh bord bainistíochta Choláiste Naomh Eoin athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de 14 lá féilire ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi acht 29A den Acht Oideachais 1998.

Mura mbíonn Iarratasóir, a bheartaíonn achomharc a dhéanamh os comhair an bhoird bainistíochta, sásta le cinneadh an bhoird bainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998 freisin.

5.3.3. Bonn achomhairc:

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór d'iarratas ar achomharc a bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar achomharc ar an gcinneadh amach ann.

ALT 6

IARRATAS AR NA BLIAINGHRÚPAÍ UILE SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN

6 IARRATAS AR NA BLIAINGHRÚPAÍ UILE SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN

6.1 Coinníollacha Iontrála (seachas an Chéad Bhliain)

- 6.1.1. Ró-iarratas
- 6.1.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 6.1.3. Próiseas roghnúcháin
- 6.1.4. Iarratais dhéanacha
- 6.1.5. Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta
- 6.1.6. Glacadh le háit
- 6.1.7. Diúltú
- 6.1.8. Tairiscint a tharraingt siar
- 6.1.9. Achomhairc

6.2 Coinníollacha Iontrála don Aonad Lán-Ghaeilge (seachas an Chéad Bhliain)

- 6.2.1. Ró-iarratas
- 6.2.2. Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta
- 6.2.3. Próiseas roghnúcháin
- 6.2.4. Iarratais dhéanacha
- 6.2.5. Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta
- 6.2.6. Glacadh le háit
- 6.2.7. Diúltú
- 6.2.8. Tairiscint a tharraingt siar
- 6.2.9. Achomhairc

6.3 Achomhairc

- 6.3.1. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas
- 6.3.2. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas
- 6.3.3. Bonn achomhairc

6.1 COINNÍOLLACHA IONTRÁLA (SEACHAS AN CHÉAD BHLIAIN)

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Naomh Eoin, tairgfear áit sa scoil do gach Dalta, faoi réir ailt 4.7,

Ba chóir do Dhalta atá ag cur isteach ar bhliainghrúpa nach Grúpa na Chéad Bhliana atá i gceist, ach atá ag lorg iontrála sa Rang Speisialta, féachaint ar alt 7 den Pholasáí Iontrála seo.

6.1.1 Ró-iarratas

Nuair a sháraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil, beidh feidhm ag na critéir roghnúcháin atá foilsithe mar a leagtar amach in alt 6.1.2 thíos iad, agus cruthófar liosta feithimh nach mbeidh bailí ach don scoilbhliain lena mbaineann na hiarratais. Sa chás go mbíonn Coláiste Naomh Eoin in ann áiteanna breise sa scoil a thairiscint, a thagann chun cinn sa bhliain acadúil agus le linn na bliana acadúla sin, tairgfear áiteanna de réir an oird tosaíochta inar cuireadh Daltaí ar an liosta feithimh.

Chun nach mbeidh aon amhras ann, mura bhfaigheann Dalta áit sa scoil do bhliain acadúil ar leith, ach go bhfuil sé/sí ag iarraidh go gcuirfí san áireamh é/í le haghaidh iontrála sa bhliainghrúpa céanna an chéad bhliain acadúil eile, ní mór iarratas nua a chur isteach thar ceann an Dalta sin le linn na ndátaí a shonraíonn an scoil a bheith ar an tréimhse a mbeidh sí ag glacadh le hiarratais ar na bliainghrúpaí eile uile seachas an Chéad Bhliain.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar an scoil, ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear san Fhógra Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Dalta á ligean isteach sa scoil.

6.1.2 Critéir roghnúcháin in ord tosaíochta

Cuirfidh Coláiste Naomh Eoin na critéir seo a leanas i bhfeidhm do bhliainghrúpa seachas do Ghrúpa na Chéad Bhliana:

- 6.1.2.1 Má tá cónaí ar an Dalta i gceantar na scoile;
- 6.1.2.2 Má tá siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil faoi láthair;
- 6.1.2.3 Má bhí siblíní leis an Dalta cláraithe sa scoil roimhe seo;

- 6.1.2.4 Má d'fhreastail tuismitheoir nó seantuismitheoir leis an Dalta ar an scoil (go huasmhéid 25% de na háiteanna atá ar fáil);

Ní chuirfear aon chritéir roghnúcháin nach n-áirítear sa Pholasaí Iontrála seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil Iarratasóir á ligean isteach.

6.1.3 Próiseas roghnúcháin

Cuirfidh Coláiste Naomh Eoin an próiseas roghnúcháin i bhfeidhm mar seo a leanas:

Déantar iarratais a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe. Tairgfear áiteanna ar dtús dóibh siúd a shásaíonn an chéad chritéar. Ina dhiaidh sin, sa chás go mbíonn áiteanna fós ar fáil sa scoil, déantar na hIarratasóirí atá fanta a mheas i bhfianaise an dara critéar agus tairgfear áit do na hIarratasóirí a shásaíonn an critéar seo. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go dtairgtear agus go nglactar leis na háiteanna go léir atá ar fáil.

Sa chás go mbíonn dhá iarratas nó níos mó cothrom le chéile sa phróiseas roghnúcháin thuasluaite, cuirfidh Coláiste Naomh Eoin crannchur randamach ar bun chun aon áiteanna atá ar fáil sa scoil, nó ar an liosta feithimh, a dháileadh ar na hiarratais sin.

6.1.4 Iarratais dhéanacha

Meastar gur iarratas déanach é iarratas a fhaigheann Coláiste Naomh Eoin i ndiaidh an dáta deiridh a d'fhoilsigh Coláiste Naomh Eoin agus a bhí leagtha amach san Fhógra Iontrála, chun críocha an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás go mbíonn ró-iarratas ar Choláiste Naomh Eoin agus go bhfaigheann sí iarratas déanach ar iontráil, gheobhaidh an t-iarratas sin áit ar an liosta feithimh i ndiaidh na nIarratasóirí a bhfuair an scoil a n-iarratais roimh an dáta deiridh d'iarratais. Cuirfear iarratais dhéanacha dá leithéid sin ar liosta feithimh de réir an dáta agus an ama a fuair an scoil iad agus ina dhiaidh sin, cuirfear critéir roghnúcháin na scoile i bhfeidhm de réir an Pholasaí Iontrála seo.

Sa chás nach bhfuil ró-iarratas ar Choláiste Naomh Eoin agus go bhfaigheann sí iarratas déanach, tairgfear áit i gColáiste Naomh Eoin don Dalta atá ag lorg iontrála, faoi réir ailt 4.7 agus baineann an próiseas céanna le hIarratasóirí a bhfuarthas a n-iarratais roimh an dáta deiridh, *i.e.* eiseofar Foirm Ghhlactha chuig an Iarratasóir agus beidh sí le comhlánú agus le cur ar ais chuig an scoil laistigh de choicís ón dáta ar eisíodh í.

6.1.5 Tairiscintí ar áit sa dara/tríú babhta

Sa chás go mbíonn tairiscint ar áit i gColáiste Naomh Eoin ag Dalta ach nach nglacann sé/sí léi, nó go dtarraingíonn an scoil siar í de réir chionníollacha ábhartha an Pholasaí seo, tairgfear an áit don chéad Dalta eile ar an liosta feithimh sa dara babhta de thairiscintí. Leanfaidh an próiseas seo ar aghaidh go dtí an tríú babhta agus an ceathrú babhta *etc.* go dtí go líonfar gach áit sa scoil.

6.1.6 Glacadh le háit:

Má thairgtear áit don Dalta a ndearnadh iarratas thar a c(h)eann, eiseoidh an scoil Foirm Ghhlactha chuig an Iarratasóir.

Cuirfidh an tIarratasóir in iúl go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint ach an Fhoirm Ghhlactha a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an scoil faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist. Mar chuid de seo, ní mór a chur in iúl cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil eile, agus an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ag fanacht ar thairiscint iontrála ó scoil eile.

Mura gcomhlánaítear an Fhoirm Ghhlactha agus mura gcuirtear ar ais chuig an scoil í faoin dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na Scoile, nó laistigh de choicís ón uair a d'eisigh an scoil í más iarratas déanach nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí an tairiscint siar, i gcomhréir leis na forais a leagtar amach thíos maidir le tairiscint a tharraingt siar.

6.1.7 Diúltú:

Sa chás nach dtairgtear áit sa scoil do Dhalta a bhfuil iarratas á dhéanamh thar a c(h)eann, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Iarratasóir i scríbhinn:

- 6.1.7.1. Na cúiseanna nár tairgeadh áit i gColáiste Naomh Eoin don Dalta;
- 6.1.7.2. Sonraí faoi rangú an Dalta de réir na gcritéar roghnúcháin atá foilsithe, má tá ró-iarratas ar an mblianghrúpa ar a bhfuil an tIarratasóir ag déanamh iarratais;
- 6.1.7.3. Sonraí faoi áit an Dalta ar an liosta feithimh, más bainteach; agus
- 6.1.7.4. Sonraí faoin gceart atá ag an Iarratasóir achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Chomh maith leis na coinníollacha maidir le hiarratas a mheas mar a leagtar amach i 4.7, ní féidir tairiscint iontrála a dhéanamh sa chás:

- 6.1.7.5. Go bhfuil an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de.

6.1.8 Tairiscint a tharraingt siar

D'fhéadfaí tairiscint iontrála a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- 6.1.8.1. Tá an t-eolas atá san iarratas bréagach nó míthreorach ó thaobh ábhair de, nó
- 6.1.8.2. Teipeann ar an Iarratasóir a dheimhniú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint iontrála ar an dáta nó roimh an dáta a leagtar amach i bhFógra Iontrála na scoile don bhliain acadúil lena mbaineann a (h)iarratas, nó más iarratas déanach, nó tairiscint sa dara/tríú babhta atá i gceist, laistigh de choicís, nó
- 6.1.8.3. Níor chuir an tIarratasóir in iúl:
 - (i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil iarratas déanta aige/aici ar scoil(eanna) eile agus é/í ag fanacht ar dheimhniú tairisceana ó scoil(eanna) eile, agus más amhlaidh atá, sonraí na scoile(eanna); agus
 - (ii) cé acu ar ghlac nó nár ghlac sé/sí le tairiscint iontrála ó scoil(eanna) eile agus má ghlac, sonraí na tairisceana/na dtairiscintí sin.

Má dhéanann an scoil tairiscint ar áit a tharraingt siar, caillfidh an Dalta a ndearnadh an t-iarratas thar a c(h)eann a (h)áit ar an liosta iontrála nó ar an liosta feithimh don bhliain acadúil sin agus glacfar le haon iarratais eile a dhéantar thar ceann an Dalta sin don bhliain acadúil chéanna mar iarratais dhéanacha de réir alt 6.1.4 thuas.

6.1.9 Achomhairc

Féach alt 6.3 chun teacht ar eolas maidir leis an gceart atá ag Iarratasóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh Choláiste Naomh Eoin maidir le hiontráil i mbliainghrúpa seachas Grúpa na Chéad Bhliana.

6.2 ACHOMHAIRC

6.3.1. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le ró-iarratas

Ní mór d'iarratasóir ar diúltaíodh iontráil dó/di toisc go raibh ró-iarratas ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo a (h)achomharc a chur isteach i scríbhinn, ach Foirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile agus ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfadh bord bainistíochta Choláiste Naomh Eoin ag Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin, Oileáin Árann, Co na Gaillimhe epost eolas.eoin@gretb.ie athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de 14 lá féilire ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

Mura mbíonn Iarratasóir sásta le cinneadh an bhoird bainistíochta, nó mura mbíonn an bord bainistíochta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh chun diúltú d'iontráil, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998.

6.3.2. Achomharc sa chás gur bhain an diúltú le cúis eile seachas ró-iarratas

Féadfaidh Iarratasóir ar diúltaíodh iontráil i gColáiste Naomh Eoin dó/di ar chúis nach mbaineann le ró-iarratas a bheith ar an scoil agus ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo, a (h)achomharc a chur i scríbhinn, trí Fhoirm Iarratais Achomhairc de chuid Alt 29, atá ar fáil ó oifig na scoile nó ar shuíomh gréasáin na scoile, a chomhlánú chun go ndéanfadh bord bainistíochta Choláiste Naomh Eoin athbhreithniú uirthi. Ní mór achomharc dá leithéid sin a dhéanamh laistigh de 14 lá féilire ó fuair an tIarratasóir cinneadh na scoile diúltú dá (h)iontráil sa scoil. Má shonraíonn an tAire Oideachais agus Scileanna tréimhse ama dhifriúil chun achomharc dá leithéid a dhéanamh, áfach, is aige sin a bheidh feidhm ina ionad sin.

De rogha air sin, féadfaidh sé/sí cinneadh a dhéanamh achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi acht 29A den Acht Oideachais 1998.

Mura mbíonn Iarratasóir, a bheartaíonn achomharc a dhéanamh os comhair an bhoird bainistíochta, sásta le cinneadh an bhoird bainistíochta, féadfaidh an tIarratasóir achomharc a dhéanamh os comhair coiste achomhairc a bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna faoi alt 29A den Acht Oideachais 1998 freisin.

6.3.3. Bonn achomhairc:

Faoi mar a éilítear in alt 29C(2) den Acht Oideachais 1998, ní mór d'iarratas ar achomharc a bheith bunaithe ar chur i bhfeidhm an Pholasaí Iontrála seo agus ar ábhar Fhógra Iontrála na scoile agus ní mór go leagfaí na forais a bhaineann leis an iarratas ar achomharc ar an gcinneadh amach ann.

